

Leasú 30**Pedro Marques, Nacho Sánchez Amor**
thar ceann an Ghrúpa S&D**Tuarascáil****A9-0424/2023****Nacho Sánchez Amor**

Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar – tuarascáil bhliantúil 2023 (2023/2118(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin**Mír 11 a (nua)***Tairiscint i gcomhair rúin**Leasú*

11a. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na sárúithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an meathlú leanúnach ar an staid dhaonnúil in Gaza; á iarraidh go mbeadh sos cogaidh buan láithreach ann, go gcuirfeadh deireadh leis an bhforéigean, go mbainfeadh díghéarú amach, agus go ndéanfadh an dlí idirnáisiúnta agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta a chomhlíonadh go hiomlán; á cáineadh go láidir an athuair na hionsaithe sceimhlitheoireachta faoi stiúir Hamas an 7 Deireadh Fómhair 2023 agus á iarraidh arís go ndéanfaí gach giall a scaoileadh saor láithreach gan choinníoll; ag cáineadh fhreagairt mhíleata dhíréireach Iosrael, ar freagairt í ba chúis le bás sibhialtach nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo – go háirithe i measc leanaí agus ban– agus le tubaiste dhaonnúil; á iarraidh ar Rialtas Iosrael gan gníomhaíocht mhíleata a dhéanamh in Rafah, a dhéanfadh staid dhaonnúil atá tubaisteach cheana féin níos measa agus a chuirfeadh cosc ar sholáthar seirbhísí bunúsacha agus cúnaimh dhaonnúil a bhfuil géarghá leo; á iarraidh go gcuirfeadh Iosrael deireadh le gach ionsaí neamh-idirdhealaitheach ar shibhialtaigh, rud a fhágann go mbíonn pionós comhchoiteann ar an daonra a bhfuil cónaí orthu in Gaza, agus chun

*cloí leis an rialú ceangailteach ón gCúirt
Bhreithiúnais Idirnáisiúnta lena n-
ordaítear bearta sealadacha; á mheabhrú
go bhfuil sé ríthábhachtach urraim do
dhlí idirnáisiúnta in Gaza a neartú chun
an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a
chosaint; á chur i bhfáth, ina leith sin, go
gcinnfear a inchreidteacht sa
chomhphobal idirnáisiúnta le cumas AE
seasamh comhleanúnach agus ar bhonn
prionsabail a choinneáil ar bun; á
mheabhrú gur cuid bhunriachtanach de
Chomhaontú Comhlachais idir an
tAontas agus an Iosrael í urraim do
chearta an duine agus do phrionsabail
dhaonlathacha; ag tabhairt dá haire gur
iarr dhá Bhallstát ar an gCoimisiún
athbhreithniú a dhéanamh ar cé acu an
bhfuil Iosrael ag comhlíonadh a
oibleagáidí faoin gcomhaontú, nó nach
bhfuil; á iarraidh ar an Aontas leas
iomlán a bhaint as an ngiaráil a chuirtear
ar fáil leis an gcomhaontú chun a
iarraidh go gcuirfí deireadh láithreach le
sárúithe agus mí-úsáidí in Iosrael, sa
Bhrúach Thiar agus in Gaza;*

Or. en